



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

---

**SCRÚDÚ na hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006**

---

## **CEIMIC – GNÁTHLEIBHÉAL**

---

DÉ MÁIRT, 20 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go 5.00

---

**400 MARC**

---

Freagair **ocht** gceist ar fad

**Ní mór dhá** cheist ar a laghad a fhreagairt as **Roinn A**

Tá gach ceist ar cómharc (50)

---

### **Eolas**

Maiseanna adamhacha coibhneasta: H = 1, C = 12, O = 16, Na = 23, Mg = 24, S = 32

Toirt mhólarach ag t.b.c. = 22.4 lítear


Tairiseach Avogadro =  $6 \times 10^{23}$  mó $^{-1}$

## Roinn A


Freagair **dhá** cheist ar a laghad ón roinn seo [féach treoracha iomlána ar leathanach 1].

1. Is hidreacarbóin *neamhsháithithe* iad eitén ( $C_2H_4$ ) agus eitín ( $C_2H_2$ ).  
Is féidir an dá cheann díobh a ullmhú go héasca i saotharlann scoile.

- (a) Taispeánann an léaráid ar dheis gaireas a d'fhéadfaí a úsáid chun gás eitéine ( $C_2H_4$ ) a ullmhú.
- (i) Sainaithin solad A a úsáidtear chun an t-eatánól a choimeád ag bun an phromhadáin. (5)
  - (ii) Tabhair ainm nó foirmle an tsolaid B a dhéantar a théamh trí úsáid a bhaint as an dóire Bunsen. (6)
  - (iii) Cén réamhchúram ba cheart a thógáil nuair a stoptar an téamh? Cén fáth a bhfuil sé seo riachtanach? (6)
  - (iv) Tabhair mórúsáid **amháin** a bhaintear as gás eitéine. (3)



- (b) Taispeánann an léaráid ar dheis gaireas a d'fhéadfaí a úsáid chun gás eitín ( $C_2H_2$ ) a ullmhú.
- (i) Sainaithin solad X agus leacht Y, na himoibrithe a úsáidtear san ullmhúchán. (12)
  - (ii) Déan cur síos ar cad a bhreathnófá nuair a dhóitear sampla de ghás eitín in aer. (6)
  - (iii) Tabhair mórúsáid **amháin** a bhaintear as gás eitín. (3)




- (c) Déan cur síos ar thástáil a chuirfeá i gcrích ar cheachtar den dá ghás chun a thaispeáint go bhfuil sé *neamhsháithithe*. Cad a bhreathnófá le linn na tástála? (9)

2. Rinneadh *tuaslagán caighdeánach* 0.06 M de carbónáit sóidiam, trí *X* graim de carbónáit sóidiam ainhidriúil ( $\text{Na}_2\text{CO}_3$ ) a mheá amach, é a thuaslagadh in uisce dí-ianaithe, agus an tuaslagán a líonadh suas go cúramach go dtí an marc i bhfleascán oiriúnach 1 lítr.

Ansin, baineadh úsáid as an tuaslagán seo chun tiúchan tuaslagáin d'aigéad hidreaclórach (**HCl**) tugtha a aimsiú trí thoirtmheascadh.

Taispeántar ar dheis cuid de na píosaí trealaimh a úsáideadh.

- (a) Ainmnigh an píosa trealaimh **A** a úsáideadh chun 1 lítear amháin den tuaslagán  $\text{Na}_2\text{CO}_3$  a dhéanamh. (5)
- (b) Cad ba chóir a dhéanamh le **A**, agus a bhfuil ann, díreach tar éis an tuaslagán a líonadh suas go dtí an marc 1 lítr le huisce dí-ianithe? Cén fáth a bhfuil sé seo tábhachtach? (9)
- (c) Cad is ciall le *tuaslagán caighdeánach*? (6)
- (d) Ríomh an mhais (*X* g) de carbónáit sóidiam ( $\text{Na}_2\text{CO}_3$ ) atá ag teastáil chun 1 lítear amháin de thuaslagán 0.06 M a dhéanamh. (6)
- (e) Ainmnigh na píosaí trealaimh **B** agus **C** a úsáideadh sa thoirtmheascadh. (6)
- (f) Ainmnigh táscaire oiriúnach don thoirtmheascadh seo agus luaigh an t-athrú datha ag an geríochphointe. (6)
- (g) Cad ba chóir a dhéanamh leis an bhfleascán cónuil, agus a bhfuil ann, *i rith an thoirtmheaschta* chun toradh cruinn a chinntiú? (3)
- (h) Cuireadh i gcrích roinnt thoirtmheaschtaí cruinne. Fuarthas amach gur neodraíodh  $25.0 \text{ cm}^3$  ar meán den tuaslagán 0.06 M carbónáit sóidiam ( $\text{Na}_2\text{CO}_3$ ) le  $30.0 \text{ cm}^3$  de thuaslagán an aigéid hidreaclórach (**HCl**). Ríomh tiúchan an tuaslagáin d'aigéad hidreaclórach ina móil in aghaidh an lítr. Is é an chothromóid chothromaithe don imobriú thoirtmheaschta ná: (9)



3. Tugadh buicéad uisce farraige do mhac léinn le hanailísíú. Iarradh ar an mac léinn tiúchan na solad crochta agus tiúchan na solad tuaslagha san uisce farraige a aimsiú. Iarradh freisin ar an mac léinn tástálacha a chur i gcrích chun a thaispeáint go raibh iain sóidiam agus iain chlóiríde san uisce farraige.


- (a) Chun méid na solad crochta i láthair a thomhas, scag an mac léinn  $500 \text{ cm}^3$  den uisce farraige trí pháipéar scagtha meáite, glan, tirim. Ansin nígh an mac léinn an páipéar scagtha le beagán uisce dhriogtha, thriomaigh sé é, agus mheáigh sé an páipéar scagtha arís. Bhí méadú 0.44 g i mais an pháipéar scagtha.
- (i) Cén fáth a ndearna an mac léinn an páipéar scagtha a ní le huisce driogtha tar éis an t-uisce farraige a scagadh? (8)
- (ii) Sloinn tiúchan na solad crochta ina c.s.m. (6)
- (b) Déan cur síos ar conas a d'fhéadfadh an mac léinn tiúchan na solad tuaslagha san uisce farraige a thomhas ansin. (12)
- (c) Déan cur síos ar conas a d'fhéadfadh an mac léinn tástáil lasrach a dhéanamh chun a thaispeáint go raibh salann sóidiam i láthair sna solaid thuaslagha a bhí bailithe. Cén dath lasrach a thabharfadh le fios go raibh iain sóidiam i láthair? (18)
- (d) Conas a d'fhéadfadh an mac léinn an t-uisce farraige a tháistáil chun a thaispeáint go raibh iain chlóiríde i láthair? (6)

## Roinn B

[Féach leathanach 1 maidir le líon na gceisteanna atá le freagairt.]

4. Freagair **ocht** gcinn de na míreanna seo a leanas (a), (b), (c), etc.

(a) Taispeánann an léaráid ar dheis leagan amach na leictreon i bpriomhleibhéal fuinnimh (scealla) adamh dúile ar leith. Sainaithin an dúil.



(b) Cad is *imoibriúchán intírmeach* ann?

(c) Cad é an claoíadh a bhíonn i méid na ngathanna adamhacha ag dul síos grúpa ar bith den tábla peiriadach?

(d) Ainmnigh an píosa trealaimh a úsáidtear chun luach calrach bianna agus breosla a thomhas.

(e) Is comhdhúil aramatach d'fhoirmle mhóilíneach  $C_7H_8$  í meitilbeinséin (tolúein). Tabhair a foirmle struchtúrach. Luagh úsáid choitianta **amháin** a bhaintear as meitilbeinséin.



(f) Ainmnigh an t-eolaí Sasanach sa ghrianghraf ar dheis a shainaithin, sna 1890-idí, leictreoin mar cháithníní fo-adamhacha atá luchtaithe go diúltach.

(g) Sainmhínigh *ocsáidiú* i dtéarmaí traschur leictreon.

(h) Scríobh an slonn tairiseach cothromáiochta ( $K_c$ ) don chothromáiocht:



(i) Ríomh an céatadán maignéisiam de réir maise atá i sulfáit maignéisiam ( $MgSO_4$ ).

(j) Sainaithin táirge nádúrtha **amháin** a eastósctar trí ghaldriogadh.

(k) Freagair cuid **A** nó cuid **B**.

**A**      Luagh **dhá** shlí ina bhféadtar sábháilteacht a chur chun cinn i monarcha ceimiceán.

*nó*

**B**      Tabhair **dhá** airí shainiúla ar bith atá ag miotail.

5. (a) Sainmhínigh (i) *uimhir adamhach*, (ii) *mais adamhach choibhneasta*.

(11)

(b) Is iad an dá iseatóp carbóin is mó a bhfuil eolas orthu ná carbón-12 agus carbón-14.

(i) Cén téarma a úsáidtear sa cheimic do na huimhreacha (e.g. 12 agus 14 i gcás carbóin thuas) a úsáidtear chun iseatóip áirithe de dhúil a shainaithint? (6)

(ii) Ainmnigh an cáithnín fo-adamhach atá freagrach as an difríocht idir carbón-12 agus carbón-14. Cé mhéad de na cáithníní seo a fhaightear in adamh de charbón-14? (6)

(iii) Tá carbon-14 radaighníomhach agus is astaíre  $\beta$ -cháithníní (béite-cháithníní) é. Mínígh cad is  $\beta$ -cháithnín ann. Luagh úsáid **amháin** a bhaintear as carbón-14. (12)

(c) Sainmhínigh *leictridhiúltacht*.

(6)

Bain úsáid as luachanna leictridhiúltachta (Táblaí Matamaitice, leathanach 46) chun réamhinsint a thabhairt ar an gcineál naisc (ianach, polach-comhfhiúsach nó neamhpholach) a dhéanfar idir na péirí dúil seo a leanas:

(i) carbón agus sulfar,    (ii) potaisiam agus fluairín,    (iii) hidrigin agus clóirín. (9)

6. (a) Úsáidtear hidreacarbóin go forleathan mar bhreosláí.

- (i) Cad is *hidreacarbóin* ann? Luagh mórfhoinse **amháin** de hidreacarbóin. (8)
- (ii) Is cúis imní do chomhshaolaithe é faoi láthair, leibhéil an mheatáin (**CH<sub>4</sub>**) san atmaisféar iochtarach a bheith ag méadú.  
Mínigh an fáth atá leis sin. (6)

(b) Úsáidtear gás peitrialam leachtach (LPG) mar bhreosla i dtéitheoirí paitió.

Tá hidreacarbón d'fhoirmle mhóilíneach **C<sub>4</sub>H<sub>10</sub>** ina mór-chomhábhair de LPG.

Tarraing an struchtúr agus tabhair an t-ainm sistéamach (IUPAC) de gach ceann den **dá** isiméir struchtúracha de **C<sub>4</sub>H<sub>10</sub>**. (12)

(c) Tá focail nó leaganacha cainte ar iarraidh ón sliocht thíos.

Scríobh i do fhreagarleabhar na focail nó na leaganacha atá ar iarraidh, a fhreagraíonn do na huimhreacha **1** go **4**.

Chun sampla d'aigéad beansóch a íonghlanadh, tuaslagadh na criostail eisíona sa 1 d'uisce te.

Scagadh an tuaslagán te chun eisíontais 2 a bhaint amach. Ligeadh don scagáit fuarú agus,

nuair a rinneadh criostail, baineadh as an iad trí scagachán, agus fágadh na heisíontais 3

laistiar. Is é a ghlaoitear ar an modh seo d'íonghlanadh solaid ná 4. (24)



7. (a) In 1884, mhol an t-eolaí Sualannach, atá sa ghrianghraf ar dheis, teoiric nua faoi aigéid agus bunanna. Shainmhínigh sé aigéad mar shubstaint a tháirgeann iain hidrigine (**H<sup>+</sup>**) trí dhíthiomssú nuair a thuaslagtar in uisce é.



(i) Sainaithin an t-eolaí Sualannach. (5)

(ii) Sainmhínigh *bun* de réir na teoirice a mhol an t-eolaí seo. (6)

(iii) Tabhair sampla **amháin** d'aigéad a úsáidtear go coitianta sa teach agus sampla **amháin** de bhun a úsáidtear go coitianta sa teach. (6)

(iv) Cad a thuigean tú leis an téarma neodrúchán?  
Tabhair sampla **amháin** ó ghnáthchúrsaí an lae. (9)

(b) (i) Sainmhínigh pH. (6)

Is é tiúchan tuaslagán hiodrocsaíde sóidiam (**NaOH**) ná 4.0 gram in aghaidh an lítr.

(ii) Cad é tiúchan an tuaslagán ina móil in aghaidh an lítr? (9)

(iii) Ríomh pH an tuaslagáin. (9)

8. Freagair na ceisteanna thíos trí thagairt a dhéanamh do na comhdhúile **X**, **Y** agus **Z** sa scéim imoibriúcháin seo a leanas.



(a) Cé acu ceann **amháin** de na comhdhúile **X**, **Y** agus **Z** nach bhfuil aige ach adaimh charbóin atá nasctha go teitrihéidreach? (5)

(b) Tabhair ainmneacha na gcomhdhúil **X**, **Y** agus **Z**. (9)

(c) Cé acu ceann de na trí chomhdhúil **X**, **Y** agus **Z** a fhaightear:

- (i) i dtiúchana thart ar 6 – 15% (t/t) i bhfion,  
(ii) i dtiúchana thart ar 6% (t/t) i bhfinéagar? (12)

(d) An cineál céanna imoibriúcháin atá sa dá thiontú (**X** go **Y** agus **Y** go **Z**).

- (i) Cén téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an gcineál seo imoibriúcháin?  
(ii) Cad iad na himoibrithe is féidir a úsáid chun an dá thiontú seo a chur i gerích? (18)

(e) Cad a bhreathnaítear nuair a dhéantar sampla de chomhdhúil **Y** a théamh le himoibrí Fehling? (6)


9. (a) Tá lín áirithe céimeanna i gcóireáil uisce inólta do sholáthar uirbeach.  
I gcás **trí** chéim **ar bith** sa phróiseas cóireála, luaign cad atá i gceist sa chóireáil agus cén fáth a gcuirtear i gcrích é. (20)
- (b) Baineann na focail seo a leanas ar fad le céimeanna i gcóireáil camrais. Tá na focail seo ar iaraidh ón sliocht thíos:
- |                |                 |                     |                   |                 |
|----------------|-----------------|---------------------|-------------------|-----------------|
| <b>eotrófú</b> | <b>níotrátí</b> | <b>bitheolaíoch</b> | <b>mhoirtithe</b> | <b>soladach</b> |
|----------------|-----------------|---------------------|-------------------|-----------------|
- Scríobh i do fhreagarleabhar na focail atá ar iaraidh, a fhreagraíonn do gach ceann de na huimhreacha ó 1 go 5. (30)
- I gcóireáil phríomhúil, seoltar camras trí ghreillí agus thar chainéil ghrin chun ábhar dlúth \_\_\_\_\_ 1 \_\_\_\_\_ a bhaint amach. Ansin aistrítear an camras go dtí umair \_\_\_\_\_ 2 \_\_\_\_\_, áit a ligtear do sholaíd chrochta socrú ar an mbun. Sa chóireáil thánaisteach bristear an camras síos trí dhileá \_\_\_\_\_ 3 \_\_\_\_\_. Sa chóireáil threasach aistrítear fosfáití agus \_\_\_\_\_ 4 \_\_\_\_\_. Is féidir leis na cothaithigh sin a bheith mar chuí le \_\_\_\_\_ 5 \_\_\_\_\_, má neartaíonn a dtiúchan i lochanna agus aibhneacha.
- 
10. Freagair **dhá** cheann ar bith de na codanna (a), (b) agus (c). (2 × 25)
- (a) (i) Bain úsáid as léaráid phoinc agus chroise le cur síos ar an nascadh i móilín amónia ( $\text{NH}_3$ ). (10)
- (ii) Cén cruth a bhíonn an mhólín amónia? (6)
- (iii) An mbeifeá ag súil leis go mbeadh gás amónia intuaslagtha nó dothuaslagtha in uisce? Tabhair cúis le do fhreagra. (9)
- (b) Mais-speictriméadracht (MS), gás-chrómataografaíocht (GC), leacht-chrómataografaíocht ardfheidhmiúcháin (HPLC) agus crómataografaíocht thanai-chisil (TLC) - úsáidtear iad uile sa cheimic anailíseach.
- (i) Luaign feidhm **amháin** atá ag mais-speictriméadracht. (4)
- (ii) Luaign feidhm atá ag crómataografaíocht thana-chisil san eolaíocht fhóiréinseach. (6)
- (iii) Luaign feidhm atá ag leacht-chrómataografaíocht ardfheidhmiúcháin (HPLC) sa tionscal bia. (6)
- (iv) Luaign an prionsabal ar a mbunaítear na teicníochtaí crómataografaíochta ar fad. (9)
- (c) Úsáidtear catalaígh ina lán próiseas tábhachtach ceimiceach. Úsáidtear iad, mar shampla, sna tontairí catalaíocha i ngluaisteáin nua-aimseartha.
- (i) Mínigh an téarma *catalaíoch*. (4)
- (ii) Ainmnigh **dhá** cheann de na miotail a úsáidtear chun an catalaíoch sa tontaire catalaíoch gluaisteáin a dhéanamh. Cén buntáiste é tontaire catalaíoch a úsáid? (12)
- (iii) Ainmnigh dúil a nimhíonn an catalaíoch a bhíonn i dtiontaire catalaíoch. (3)
- (iv) Imoibríonn aonocsaíd nítrigine (**NO**) agus aonocsaíd carbóin (**CO**) le chéile sa tontairí catalaíocha gluaisteáin nua-aimseartha chun dhá tháirge gásacha a thabhairt. Tabhair ainmneacha nó foirmlí na dtáirgí seo. (6)

11. Freagair **dhá** cheann ar bith de na codanna (a), (b) agus (c).


(2 × 25)

(a) Léiríonn na léaráidí leagan amach na gcáithníni sna trí staid ábhair.


- (i) Cuir síos go hachomair ar na difríochtaí idir na trí staid de réir għluuiseach a gcáithnini. (9)



SOLAD



LEACHT



GÁS

- (ii) Cad atá le tuiscint agat le *hidirleathadh?* (6)


- (iii) Déan cur síos ar thurgnamh simplí chun idirleathadh a thaispeáint. (10)

(b) Sainmhínigh *ráta imoibriúcháin.* (7)

Is féidir úsáid a bhaint as an imoibriúchán idir tuaslagán tiasulfáit sóidiam agus aigéad hidreaclórahach chun staidéar a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag tiúchan imoibreáin ar ráta an imoibriúcháin.

Is féidir an gaireas a thaispeántar sa léaráid a úsáid. De réir mar a théann an t-imoibriúchán ar aghaidh, éiríonn an meascán imoibriúcháin modartha agus, tar éis tréimhse ama áirithe, éiríonn an chros dofheicthe nuair a fhéachtar uirthi tríd an tuaslagán.

Is é an chothromóid don imoibriúchán ná



- (i) Cé acu táirge den imoibriúchán is cúis leis an meascán imoibriúcháin éirí modartha? (6)

- (ii) Dá n-úsáidfi tiúchan níos airde de thuaslagán tiasulfáit sóidiam san imoibriúchán, an mbeadh an tréimhse ama a thóg sé ar an gcross éirí dofheicthe, níos mó, níos lú nó gan athrú ar bith? Mínigh do fheregra. (6)

- (iii) Dá mbeadh an fleascán cónuil timpeallaithe le huisce oighir, an mbeadh an tréimhse ama a thóg sé ar an gcross éirí dofheicthe, níos mó, níos lú nó gan athrú ar bith? Mínigh do fheregra. (6)

(c) Freagair cuid **A** nó cuid **B**.

**A**

- (i) Mínigh an téarma *stoc cothaithe (feedstock)* sa cheimic thionsclaíoch. (7)

Sa phleanáil chun monarcha ceimice a bhunú, is nithe an-tábhachtach iad, roghnú suímh a bheadh oiriúnach, chomh maith le híoslaghdú na gcostas seasta agus na gcostas athraitheach.

- (ii) Luaigh **dhá** thoisc ar bith a mbeadh tionchar acu ar roghnú an tsuímh don monarca. (6)

- (iii) Mínigh an difríocht idir costais sheasta agus costais athraitheacha le cabhair sampla **amháin** i ngach cás. (6)

- (iv) Ainmnigh **dhá** tháirge thábhachtacha de chuid thionscal ceimice na hÉireann. (6)

**nó**

**B**

Is polaiméir shuimiúcháin é polai(feinileitéin) a mbaintear úsáid fhorleathan aisti. Glaoitear polaistiréin air freisin.

- (i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi. (7)

- (ii) Tabhair **dhá** úsáid choitianta ar bith a bhaintear as polai(feinileitéin). (6)

- (iii) Luaigh **dhá** cheann ar bith de na próisis a bhíonn i gceist in athchúrsáil polai(feinilitéin) (6)

- (iv) Ainmnigh polaiméir shuimiúcháin **amháin** eile. (6)

**LEATHANACH  
BÁN**